

# Scoil na Mainistreach Quin Dangan

Quin, Co. Clare.

Telephone: 065 6825785

e-mail: [quinschool@eircom.net](mailto:quinschool@eircom.net)

Website: [www.scoilnamainistreach.net](http://www.scoilnamainistreach.net)



*We do our best, we show respect.*

## Plean Scoile don Ghaeilge

### Réamhráiteas

Chuir an Príomhoide agus múinteoirí Scoil na Mainistreach an plean scoile don Ghaeilge le chéile ar lá pleanála ar an 15ú la de Bhealtaine 2005. Bhí an fhoireann go léir páirteach sa phróiseas sin. I 2008 thug cuiditheoir ón PCSP tacaíocht dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí seo. B'é tuairim na múinteoirí go raibh gá leis an athbhreithniú seo:

- (a) Chun fíis soiléir a bheith againn don Ghaeilge in ár scoil
- (b) Chun cabhrú linn an curaclam a chur i bhfeidhm i dtreo is go mbeidh leanúnachas ó rang go rang.
- (c) Cur chuige cumarsáideach a chur i bhfeidhm sa scoil
- (d) Chun go mbeidh tuisicint soiléir ag gach múinteoir ar na haidhmeanna atá againn don Ghaeilge.
- (e) Chun go mbeidh plean soiléir do mhúinteoirí ag teacht isteach sa scoil.

### Fís agus Aidhmeanna

#### (a) Fís :

I Scoil Na Mainistreach, cuirimid béim ar fhorbairt iomlánach na ndaltaí ar fad d'fhonn cabhrú leo a ról a chomhlíonadh ina bpobal féin. Féachaimid ar fhorbairt a gcuid scileanna teanga a bheith lárnach don phróiseas seo. Is í an fhís atá againn sa scoil seo don Ghaeilge ná go bhfoghlaimoidh na páistí an Ghaeilge go héifeachtach agus le taitneamh. Aithnímid gurb é labhairt na Gaeilge an gné is tabhachtaí do mhúineadh na teanga. Tá sé mar príomaidhm againn go mbeidh meas ag na páistí ar a gcultúr agus ina dteanga féin. Chun é seo a spreagadh curimid béim ar:

- Dearcadh agus dea-nósanna na múinteoirí i leith na Gaeilge a chur i bhfeidhm – m.sh. Chun úsáid a bhaint as an nGaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae.
- Chun dul le chéile leis na himeachtaí a bhaineann le cultúr na Gaeilge agus i dtimpeallacht na scoile – m.sh. ceol, peil, iománaíocht, rince agus tráth na gceist. .
- Dearcadh dearfach don Ghaeilge a chothú sna páistí agus a dtuismitheoirí.

## **b) Aidhmeanna:**

Is iad na príomhaidhmeanna atá againn don Ghaeilge sa scoil seo ná:

- Úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga cumarsáide chomh minic agus is féidir i rith an lae.
- Taitneamh a bheith le baint as foghlaim na Gaeilge.
- Cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a fhorbairt agus a chothú agus a m(h)uinín chun an Ghaeilge a usáid agus a chothú.
- Go mbainfidh na paistí caidhgeán árd labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta amach, roimh dheireadh a mbunoideachais.
- Cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a chothú ag leibhéil a oireann dó/di féin.
- Éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite.
- Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú.
- Cúram a dhéanamh d'fhorbairt shóisialta, chognaíocht, mhothúcánach, shamhlaíocht agus aeistéitiúil an pháiste
- Go gcuirfí ar chumas na bpáistí eolas a chur ar chultúr na tíre trí fhoghlaim na Gaeilge
- Go mbeidh fonn ag na daltaí a gcuid Gaeilge a úsáid agus a chur chun cinn, agus go mbainfidh siad taitneamh as.
- Go gcuirfimid leis na háiseanna sa scoil go rialta chun freastal ar riachtannais teanga na bpáistí
- Go dtabharfaidh an fhoireann teagaisc tacaíocht dá chéile chun a gcuid Gaeilge féin a chur chun cinn agus taitneamh a bhaint as an bpróiseas.

## **Ábhar an Phlean**

Tá an plean don Ghaeilge eagraithe faoi na ceannteidil seo leanas

### **1. Pleanáil don Churaclam**

#### **Curaclam na Gaeilge**

- 1.1 Cur chuige Cumarsáideach
- 1.2 Feidhmeanna teanga
- 1.3 Snáitheanna an Churaclaim
- 1.4 Comhtháthú na snáitheanna
- 1.5 Téamaí, straitéisí agus modhanna múinte
- 1.6 Gaeilge Neamhfhoirmiúil – úsáid na Gaeilge i rith an lae.

### **2. Pleanáil Eagraíochta**

- 2.1 Pleanáil an mhúinteora
- 2.2 Áiseanna
- 2.3 Éagsúlacht cumais
- 2.4 Comhtháthú le hábhair eile

- 2.5 Measúnú
- 2.6 Obair bhaile
- 2.7 Forbairt fóirne
- 2.8 Tuismitheoirí agus an Ghaeilge
- 2.9 Comhionannas

## **Pleanail don Churaclam**

### **1. Curaclam na Gaeilge**

#### **1.1 Cur Chuige Cumarsáideach**

Tuigimid mar fhoireann scoile gur ar chumarsáid a leagtar béim sa churaclam. Dar linn, is iad príomhghnéithe an cur chuige cumarsáideach ná díriú ar riachtanais teanga na bpáistí agus a chinntiú go bhfuil na topaicí/teanga atá rognaithe oiriúnach le saol an pháiste. Sa chaoi seo is féidir leis an bpáiste a bheith gníomhach san fhoghlaim. Sa structúr don cheacht, roinntear é ar thrí thréimhse.

- a. An tréimhse réamhchumarsáide
- b. An tréimhse cumarsáide
- c. An tréimhse iarchumarsáide.

<u>Tréimhse</u>	<u>Saintréithe</u>	<u>Modh Múinte nó straitéisí</u>	<u>Eagar an ranga</u>	<u>Idirghníomhú</u>
<u>Tréimhse Réamhchumarsáide</u>	<p><b>1. Spreagadh</b> Múscailt suime</p> <p><b>2. Ionchur teanga</b></p> <p><b>3. Cleachtadh</b> foclóir ceisteanna agus freagraí aithris agus athrá druileanna agallaimh faoi threoir cluichí struchtúrtha cumarsáid faoi threoir scéal</p>	<p><i>Modh na lánfhreagartha gníomhaí</i></p> <p>An modh díreach An modh closamhairc An modh closlabhartha Modh na ráite</p> <p>Modh na Snáithe</p>	<p><i>An rang go léir</i></p> <p>Dhá thaobh an ranga Beirteanna oscailte Grúpaí beaga</p>	<i>Múinteoirí agus Páistí</i>

<p><i>Tréimhse Cumarsáide</i></p>	<p><b>4. Úsáid na teanga</b>  Comhlíonadh na bhfeidhmeanna teanga  Cumarsáid faoi threoir áirithe ach saoirse úsaide chomh fada agus is féidir gníomhaíochtaí chun an bhearna eolais a shárú agus chun eolas a roinnt ar a chéile</p>	<p>Cluichí cumarsáide  Drámaí  Sceitsí  Gníomhaíochtaí  Plé, díospóireachtaí</p>	<p>Obair bheirte  Beirteanna dúnta  Obair ghrúpa</p>	<p>Múinteoir agus Páiste (í)  Páiste agus Páistí</p>
<p><i>Tréimhse Iar-cumarsáide</i></p>	<p><b>5. Féachaint siar agus ar aghaidh</b>  Cleachtaí gramadaí bunaithe ar an teacs labhartha nó scríofa  Aithris agus athrá fuaimneanna nó focail dhearcra  Traschur eolais le tasc nó cluiche  Féachaint ar aghaidh.</p>	<p>Tascanna anailise  Cluichí gramadaí  Ceartú botún a rinneadh le linn na cumarsáide trí druileanna</p>	<p>Obair ranga    Obair ghrúpa  Obair bheirte</p>	<p>Páiste agus Páistí</p>

## **1.2 Feidhmeanna Teanga**

Is é an tuiscint atá ag fhoireann na scoile ar fheidhmeanna teanga ná úsáid na Gaeilge chun cuspóir cumarsáide a bhaint amach. Sa scoil seo beidh liosta d'eiseamláirí na bhfeidhmeanna le feiscint i ngach seomra ranga. Táimid chun an ghreille seo a úsáid mar thacaíocht /treoir don bhfoghlaim agus don teagaisc sa scoil seo. Is féidir linn ha h-eiseamláirí a chur in oiriúint don chleachtas ranga/scoile seo. Sa tslí seo is féidir a chinntiú go bhfuil forbairt agus leannúnachas sa scoil. Is féidir cur leis an liosta seo nuair is gá. Leanfaidh an liosta céanna na páistí ó rang go rang de réir mar a théann siad tríd an scoil. Is mian linn go mbeidh na páistí in ann an Ghaeilge atá acu a úsáid chun labhairt, léamh agus scríobh faoi thopaicí a bhfuil spéis acu féin iontu ar bhealach nádúrtha.

**Catagóir 1: Caidreamh sóisialta a dhéanamh**

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste	Naíonáin	Ranganna 1 agus 2	Ranganna 3 agus 4	Ranganna 5 agus 6
<b>Beannú do dhuine</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Dia duit.</li> <li>▪ Dia is Muire duit.</li> <li>▪ Tá fáilte romhat.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Dia duit a mhúinteoir, a athair srl</li> <li>▪ Dia daoibh.</li> <li>▪ Dia is Muire duit/daoibh.</li> <li>▪ Conas atá tú?</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Dia is Muire duit.</li> <li>▪ Dia is Muire duit is Pádraig.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Dia is Muire daoibh.</li> <li>▪ Dia is Muire duit/daoibh is Pádraig.</li> </ul>
<b>Slán a fhágáil</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Slán.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Slán anois.</li> <li>▪ Slán go fóill.</li> <li>▪ Slán agus go raibh maith agat.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Slán tamall.</li> <li>▪ Slán abhaile.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Slán agus go n-éirí an bóthar leat.</li> <li>▪ Feicfidh mé tú/sibh níos déanaí/amarach.</li> </ul>
<b>Glaoch ar dhuine</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ A mhúinteoir.</li> <li>▪ Tar anseo.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ A athair.</li> <li>▪ A Mháire</li> <li>▪ A Sheáin</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ A fhreastalaí.</li> <li>▪ A dhuine uasal.</li> <li>▪ A bhean uasal.</li> </ul>	
<b>Aird a lorg</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ An bhfuil sibh ag éisteacht? Tá/Níl</li> <li>▪ Tar anseo.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Gabh mo leithscéal.</li> <li>▪ An bhfuil sibh réidh/ullamh? Tá/Níl</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Nóiméad amháin más é do thoil é.</li> <li>▪ Éistigí.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ An féidir liom labhairt leat /ar feadh nóiméid / rud éigin a fháil</li> </ul>
<b>Bualadh le duine</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ An bhfuil tú go maith?</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Conas atá tú? go maith.</li> <li>▪ Tá mé tinn. srl</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Aon scéal nua.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Aon scéal nua</li> <li>▪ Scéal ar bith!</li> </ul>
<b>cur in aithne</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Seo é / í. Seo x.</li> <li>▪ Sin X.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Seo é ____.</li> <li>▪ Seo í ____.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Seo é ____.</li> <li>▪ Seo í ____.</li> <li>▪ Tá sé ina chónaí i ____</li> <li>▪ Tá sí ina cónaí i ____</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Seo é ____.</li> <li>▪ Seo í ____.</li> <li>▪ Is cara é le ____.</li> <li>▪ Is cara í le ____.</li> </ul>
<b>comhghairdeas a dhéanamh</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Maith an buachaill. Maith an chailín.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Lá breithe sona duit.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Maith thú.</li> </ul>	Comhghairdeas.
<b>comhbhrón a dhéanamh</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Á.</li> <li>▪ Tá brón orm.</li> </ul>		<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Mí-ádh.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Déanaim comhbhrón leat. Beidh lá eile agat/agaibh.</li> </ul>

**Feidhmeanna Teanga : Catagóir 2 Soiléiriú a lorg i gcomhrá**

Ba chóir cur ar chumas an pháiste	Naíonáin	R1 & R2	R3 & R4	R5 & R6
<b>Beannú do dhuine</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Dia duit</li> <li>▪ Dia is Muire duit</li> <li>▪ tá fáilte romhat</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Dia daoibh</li> <li>▪ Dia's Muire daoibh</li> <li>▪ Dia's Muire duit 's Pádraig</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ go mbeannaí Dia duit.</li> <li>▪ móra duit ar maidin.</li> <li>▪ rath Dé ort.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ bail ó Dhia ort</li> <li>▪ gurb amhlaidh duitse</li> </ul>
<b>Slán a fhágáil</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ slán leat.</li> <li>▪ slán agat.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ slán libh.</li> <li>▪ slán agaibh.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ go dté tú slán</li> <li>▪ feicfidh mé amárach thú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ go n-éirí an bóthar leat</li> <li>▪ chífidh mé thú</li> </ul>
<b>Glaoch ar dhuine</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ a mhúinteoir</li> </ul> <p style="text-align: center;">(fir 's mná)</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ a Phóil</li> <li>▪ a Mháire</li> </ul>		
<b>Aird a lorg</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ tar anseo</li> <li>▪ gabh mo leithscéal</li> <li>▪ más é do thoil é</li> <li>▪ go raibh maith agat</li> </ul>		<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ noiméad amháin</li> <li>▪ Éistigí</li> <li>▪ led' thoil</li> <li>▪ le bhur dtoil</li> <li>▪ ba mhaith liom</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ an féidir liom?</li> <li>▪ labhair liom</li> <li>▪ abair liom</li> </ul>
<b>Easpa tuisceanna a léiriú</b>		<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ an dtuigeann tú?</li> <li>▪ ní thuigim</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>◆ tuigimid</li> <li>▪ lámha suas éinne nach dtuigeann</li> </ul>	
<b>Cabhair a lorg</b>		<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ cén gaeilge atá ar...?</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ cad is brí le...?</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ conas a déarfá?</li> </ul>



**Feidhmeanna Teanga : Cateoir 3 : Dul i gcion an duine nó ar dhaoine eile**

Ba chóir cur ar chumas an phaiste	Ranganna Naíonán	Ranganna 1 agus 2	Ranganna 3 agus 4	Ranganna 5 agus 6
<b>Cead a lorg, a thabhairt is a dhiúltú</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ an bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ an bhfuil cead agam mo lámha a ní</li> <li>▪ ceart go leor</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ ní cead agat</li> <li>▪ fan go fóill</li> </ul>	
<b>Buíochas a léiriú</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ go raibh maith agat</li> <li>▪ buíochas le Dia</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ go raibh míle maith agat</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ míle buíochas</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ go méadaí Dia do stór</li> </ul>
<b>Smaoineamh a chur chun cinn</b>		<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ ar mhaith leat</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ ar mhaith leat</li> <li>▪ Ba/Níor mhaith liom</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ cad mar gheall</li> </ul>
<b>Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ stad</li> <li>▪ ná déan</li> <li>▪ dún an doras más é do thoil é</li> <li>▪ tabhair dom</li> <li>▪ seo duit</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ ná déan</li> <li>▪ ar aghaidh libh</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ ba bhreá liom</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ an féidir leat</li> </ul>
<b>Duine a ghríosadh</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ lean ort</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Bain triail as</li> </ul>
<b>Magadh faoi dhuine</b>				<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ há! há! ar chuala tú an scór</li> </ul>
<b>Cuireadh a thabhairt, a dhiúltú, glacadh leis nó fiosrú faoi</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ ar mhaith leat teacht go dtí mo chóisir?</li> <li>▪ ní féidir liom</li> <li>▪ ba mhaith</li> <li>▪ cá mbeidh sí ar siúl</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ an dtiocfaidh tú go dtí mo theach?</li> <li>▪ tiocfaidh cinnte.</li> <li>▪ ba bhreá liom, go raibh maith agat.</li> <li>▪ cén t-am a thosóidh sí?</li> </ul>

<b>Foláireamh a thabhairt do dhuine</b>		<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ bí cúramach</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ tóg go bog é</li> <li>▪ tabhair aire</li> </ul>	
			<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ is mise...is airde</li> <li>▪ ..... is óige</li> <li>▪ ..... is sinne</li> <li>▪ ..... is ísle</li> </ul>	
<b>Maíomh</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ tá snámh agam</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Bhuaigh mé an chéad áit</li> </ul>		
<b>Dushlán a thabhairt</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ an féidir leat?</li> <li>▪ is féidir liom</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ ábalta</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ ní féidir leatsa é sin a dhéanamh</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ an bhfuil tusa in ann poc saor a thógáil?</li> <li>▪ ar mo chumas</li> </ul>

Feidhmeanna Teanga : Cateoir 4 Dearcadh a léiriú agus a lorg

Ba chóir cur ar chumas an pháiste	Naíonáin	Ranganna 1 agus 2	Ranganna 3 agus 4	Ranganna 5 agus 6
Eolas nó aineolas a léiriú	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ tá a fhios agam / níl</li> </ul>		<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ tá / níl</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ cé hé/hí sin?</li> <li>▪ an cuimhin leat?</li> </ul>
Cinnteacht	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ tá / níl</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ tá / níl</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ cinnte</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ táim/nílím cinnte</li> </ul>
Leibhéal dochúlachta Is dócha gan amhras			<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ is dócha</li> <li>▪ gan amhras</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ sílim</li> <li>▪ measaim</li> </ul>
Is féidir				<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ b'fhéidir go dtiocfaidh</li> </ul>
Seans				<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ níl aon seans againn</li> </ul>
Taitneamh nó easpa taitinimh a léiriú	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ is maith liom</li> <li>▪ ní maith liom bainne (m.sh.)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ is breá liom</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ is fuath liom</li> <li>▪ an maith leat?</li> <li>▪ is/ní maith liom</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ is/ní maith liom peil a imirt</li> </ul>
Mianta a léiriú nó fiosrú fúthu			<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ ar mhaith leat?</li> <li>▪ ba mhaith/Níor mhaith</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ ba mhaith liom dul go dtí an pictiúrlann</li> </ul>
Rogha a léiriú nó fiosrú fúithi		<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ b'fhearr liom</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Cé acu is fearr leat?</li> <li>▪ is fearr liom</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Cé acu ab fhearr leat?</li> <li>▪ b'fhearr liom</li> </ul>
Leithscéal a ghabháil	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ gabh mo leithscéal</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ tá brón orm</li> </ul>		

<b>Sásamh</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ go maith</li> </ul>		<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ tá sé go hífásach</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ ar fheabhas</li> <li>▪ go diail</li> </ul>
<b>Aontú nó easaontú</b>		<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ tá/níl</li> <li>▪ Is ea/ní hea</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ bhris / níor bhris</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ tá sé sin fíor /bréagach</li> </ul>
<b>Ábaltacht nó easpa ábaltachta a léiriú</b>		<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ is féidir liom rothaíocht</li> <li>▪ ní féidir liom</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ tá snámh agam</li> <li>▪ in ann / ábalta</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ in inmhe</li> <li>▪ ar mo chumas</li> </ul>
<b>Séanadh</b>				<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ d'fhág tú an clós/níor fhág</li> </ul>
<b>Maithiúnas a léiriú</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ tá go maith</li> <li>▪ tá sé sin ceart go leor</li> </ul>	
<b>Tacaíocht a léiriú</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ go breá</li> <li>▪ lean ar aghaidh</li> </ul>	
<b>An rolla</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ táim anseo</li> <li>▪ tá sé/sí as láthair</li> </ul>			
<b>Díoma a léiriú</b>				<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ is mór an trua é sin</li> <li>▪ tá díoma orm</li> </ul>
<b>Dócha a léiriú</b>				<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ tá súil agam le</li> <li>▪ táim ag tnúth le</li> </ul>
<b>Ligean air/uirthi</b>		<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ ó, tá tinneas cinn orm (tinneas fiacaile, tinneas bhoilg)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ is fathach mé</li> <li>▪ is féidir liom....</li> </ul>	
<b>Scéalta a chumadh</b>		<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ ar maidin</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ lá amháin</li> <li>▪ inniu an Mháirt</li> </ul>	
<b>Léiriú gur gá nó nach gá rud éigin a dhéanamh</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ caithfidh mé/ ní chaithfidh mé</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ beidh orm</li> <li>▪ ní bheidh orm</li> </ul>
<b>Aithint</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ seo é</li> <li>▪ cad é seo/sin?</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ sin í</li> <li>▪ sin é</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ is madra é sin</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ fear mór is ea é</li> </ul>
<b>Tuairisciú</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ cad is ainm duit?</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ tá Dónal ag ithe</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ tá sé ag ithe a bhricfeasta</li> </ul>	

	<ul style="list-style-type: none"> <li>x is ainm dom</li> </ul>		<ul style="list-style-type: none"> <li>tá sí ag ithe a bricfeasta</li> </ul>	
<b>Ceartú</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>tá mo chótasa gorm</li> <li>ní leatsa é</li> <li>is liomsa é</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>madra atá agam sa bhaile</li> </ul>
<b>Ceisteanna</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>cé hé/hí sin?</li> <li>cad é sin?</li> <li>an bhfuil?</li> <li>tá / níl</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>cén dath atá ar an liathróid?</li> <li>cé leis?</li> <li>ar tháinig?</li> <li>tháinig / níor tháinig</li> </ul>		<ul style="list-style-type: none"> <li>conas?</li> <li>cén fáth?</li> <li>cad é an dóigh?</li> <li>cathain?</li> <li>cén t-am?</li> <li>cén?</li> <li>cá háit?</li> </ul>
<b>Cómhrá a oscailt</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>ar chuala tú?</li> <li>tú féin atá ann</li> <li>tá an lá go deas</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>tá tú ag obair go crua</li> </ul>
<b>Féincheartú</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>ó, gabh mo leithscéal</li> <li>ó, ní hea, ach</li> <li>ní ag an sos beag ach</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>ó, ní hea,</li> <li>fan go bhfeicfidh mé</li> </ul>
<b>Cur síos a dhéanamh céim ar chéim</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>ar dtús....</li> <li>ansin....</li> <li>tar éis tamaill</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>i dtosach báire</li> <li>faoi dheireadh</li> </ul>
<b>Coimriú</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>sin an méid</li> <li>sin uile</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>agus mar sin, ní bheidh de dheasca</li> </ul>
<b>Deireadh a chur leis an gcomhrá</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>bhuel, sin é?</li> <li>ceart go leor mar sin!</li> <li>tá deifir orm anois</li> <li>sin an scéal</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>caithfidh mé imeacht.</li> <li>beidh mé ag caint leat mar/faoi sin</li> <li>feicfidh mé arís thú</li> </ul>
<b>Easpa tuisceana a léiriú</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>Ní thuigim.</li> <li>Cé mhéad atá air?</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ní feidir liom é a dhéanamh.</li> </ul>
<b>Cabhair a lorg</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>An féidir leat cabhrú liom?</li> <li>Cad is brí le x ?</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Conas a deireann tú / a déarfá?</li> </ul>

<b>Litriú a lorg</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Litrigh x más é do thoil é.</li> <li>▪ Cén Ghaeilge atá ar x ?</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Conas a litríonn tú / litreofá ____?</li> </ul>
<b>Athrá a lorg</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Abair é sin arís más é do thoil é.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Abair é go mall le do thoil.</li> </ul>

### Feidhmeanna Teanga Catagóir 5: Eolas a thabhairt agus a lorg

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste	Naíonáin	Ranganna 1 agus 2	Ranganna 3 agus 4	Ranganna 5 agus 6
<b>Aithint</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Peann</li> <li>▪ Sin peann.</li> <li>▪ Is liomsa é.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Is madra mór é sin.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Cailín / buachaill an-mhaith / an-deas / dána is ea é/í.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Teach trí stór atá ann.</li> </ul>
<b>Tuairisciú</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Anseo / as lathair</li> <li>▪ Tá sé/sí tinn, sa bhaile, as lathair.</li> <li>▪ Níl sé/sí anseo.</li> <li>▪ Tá cnag ar an doras.</li> <li>▪ Tá Liam dána / ag ithe / ag troid.</li> <li>▪ Tá an leabhar ar an mbord.</li> <li>▪ Tá sé fliuch, fuar, te.</li> <li>▪ Tá an ghrian ag taitneamh.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Tá sé/sí ag an bhfiaclóir / i seomra eile / san ospidéal.</li> <li>▪ Thit sé sa chlós.</li> <li>▪ Bhí.....</li> <li>▪ Chuaigh .....</li> <li>▪ Tá / Bhí X ag troid sa chlós.</li> <li>▪ Tá x ag ithe an lóin.</li> <li>▪ Thug San Nioclás x dom.</li> <li>▪ Inniu an Luan / Máirt / Céadaoin / Déardaoin / Aoine.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Chonaic mé é/í ar maidin.</li> <li>▪ Níl a fhios agam cá bhfuil sé/sí. Beidh sé ar ais amárach.</li> <li>▪ Chuala.....</li> <li>▪ D’ith mé / d’ól mé .....</li> <li>▪ Chuaigh .....</li> <li>▪ Tá sé tirim / ag cur báistí / ag cur sneachta / arís / anois.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Beidh an cluiche ar siúl ar a trí a chlog amárach.</li> <li>▪ Tá beirt – deichniúr as lathair.</li> <li>▪ B’fhéidir go bhfuil sé/sí .....</li> <li>▪ Beidh mé ag dul go dtí ....</li> <li>▪ Rachaidh mé ...</li> <li>▪ Ceannóidh mé.....</li> </ul>
<b>Teachtaireacht a thabhairt</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Seo duit an rolla / nóta / litir.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Seo nóta duit ó .....</li> <li>▪ Tá Niamh tinn.</li> <li>▪ Tá cóta nua ag x.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Tá litir agam duit ó .....</li> <li>▪ Ní bheidh mé ar scoil amárach. Beidh mé ag dul go dtí an fiaclóir ar a 10 a chlog. Ní bheidh x ar scoil go dtí an x mar tá sé/sí tinn.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Beidh an bus déanach inniu. Glaofaidh mé ort/oraibh nuair a bheidh sé anseo.</li> </ul>

<b>Ceartú</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Ná bí ag _.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Ná déan é sin.</li> <li>▪ Ní hea, is liomsa é.</li> <li>▪ Ní liomsa é – tá mo chóta gorm.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Ná caith páipéir sa chlós.</li> <li>▪ Ní leatsa é – is liomsa é.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Ná bígí ag pleidhcíocht.</li> <li>▪ Thug sé dom é.</li> </ul>
<b>Ceisteanna a chur agus a fhreagairt</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ An bhfuil cead agam dul amach / dul go dtí an leithreas? Tá / Níl.</li> <li>▪ Cá bhfuil x?</li> <li>▪ Sa chlós / sa seomra / sa leithreas / sa chófra / sa bhosca.</li> <li>▪ An bhfuil sé (dathanna / gníomhaíochtaí) ?</li> <li>▪ An bhfuil tú tinn?</li> <li>▪ Tá /Níl.</li> <li>▪ Cad atá sa _?</li> <li>▪ Cé hé / hí sin?</li> <li>▪ Cad é sin?</li> <li>▪ An leabhar é? Ní hea / Sea.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Ar ith/ól tú?</li> <li>▪ D’ith mé / níor ith mé. D’ól mé / níor ól mé.</li> <li>▪ Cad/céard a tharla?</li> <li>▪ Cé leis é seo?</li> <li>▪ Ar thóg, thit, bhris, chuala, tháinig?</li> <li>▪ An raibh, an bhfaca, an ndeachaigh, an ndearna ?</li> <li>▪ Cén dath atá ar an X?</li> <li>▪ Cathain? (laethanta na seachtaine – inné, ar maidin, ag am lóin)</li> <li>▪ Conas?</li> <li>▪ Cén t-am? (uair)</li> <li>▪ Cé mhéad?</li> <li>▪ Cad is ainm duit?</li> <li>▪ Cén aois tú?</li> <li>▪ Cén rang ina bhfuil tú?</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Ceisteanna le briathra ón Aimsir Chaite, Aimsir Láithreach, Aimsir Gnáthláithreach (dearfach agus diúltach).</li> <li>▪ Cad is dóigh leat?</li> <li>▪ Cén t-am? (leathuair tar éis, ceathrú tar éis, ceathrú chun)</li> <li>▪ Cén fáth? Mar .....</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Ceisteanna le briathra ón Aimsir Fháistineach (dearfach agus diúltach).</li> <li>▪ Cad é do thuairim?</li> <li>▪ Is dóigh liom go / gur .....</li> <li>▪ Cén sort /saghas?</li> <li>▪ Cén praghas?</li> <li>▪ Meas tú?</li> <li>▪ Ceisteanna leis na briathra neamhrialta</li> </ul> <p>Abair      Bí Feic      Déan Faigh      Beir Téigh      Clois Ith      Tabhair Tar</p>

**Feidhmeanna Teanga Catagóir 6: Struchtúr a chur ar chomhrá**

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste	Naíonáin	Ranganna 1 agus 2	Ranganna 3 agus 4	Ranganna 5 agus 6
<b>Oscailt</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Ar chuala tú?</li> <li>▪ Tá an lá go hálainn / go dona / fliuch / fuar / go deas.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Tá tú ag obair go crua /dian.</li> </ul>
<b>Féincheartú</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Ó, gabh mo leithscéal, tá brón orm ....</li> <li>▪ Ní hea ach .....</li> <li>▪ Ní anois ach níos déanaí / níos luaithe / ag am .....</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Fan go bhfeicfidh mé.</li> </ul>
<b>Cur síos a dhéanamh céim ar chéim</b>			<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Ar dtús..... Ansin .....</li> <li>▪ Tar éis tamaill ..... Leis sin</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Níorbh fhada ..... Ar deireadh .....</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ <b>Coimriú</b></li> </ul>			<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ .... agus is mar sin a tharla.</li> <li>▪ Sin, sin.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ .... agus mar sin / dá bhrí sin / dá bharr ní bheidh sé ar scoil.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ <b>Deireadh a chur le comhrá</b></li> </ul>			<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Sin é.</li> <li>▪ Ceart go leor mar sin.</li> <li>▪ Tá deifir orm anois.</li> <li>▪ Tá orm imeacht. (mar)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Caithfidh mé imeacht.</li> <li>▪ Beidh mé ag caint leat arís.</li> <li>▪ Feicfidh mé arís / amárach / níos déanaí thú.</li> </ul>



## Snáitheanna an Churaclaim

- Éisteacht
- Labhairt
- Léitheoireacht
- Scríbhneoireacht

### (a) Éisteacht :

Bunaithe ar Curaclam na Gaeilge lth. 4 agus Ranganna Naíonán lth. 32,33; Ranganna 1 agus 2 lth. 40,41; Ranganna 3 agus 4 lth. 52,53; Ranganna 5 agus 6 lth. 66,67. Treoirlínte do Mhúinteoirí lth. 116-121)

Tuigimid sa scoil seo go bhfuil an-thábhacht ag baint le héisteacht i sealbhú na teanga. Tá na páistí ag éisteacht leis an teanga go neamhfhoirmiúil m.sh sa rang nuair atá an múinteoir ag dul i mbun gnáth chúrsaí ranga. Cloiseann siad an Ghaeilge chomh maith nuair atá na múinteoirí i mbun cumarsáide sa rang agus i dtimpeallacht na scoile. Aontaimid go bhfuil sé fíorthábhacht an teanga a úsáid go neamhfhoirmiúil i ngnáth chúrsaí i rith an ranga agus i rith an lae chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirtear béim ar scil éisteachta i rith an ranga chomh maith – éisteacht go foirmiúil

### Snáithaonaid

#### **Éisteacht go neamhfhoirmiúil i rith an lae:**

Sa rang agus sa scoil mar theanga chaidrimh, mar theanga bhainisteoireachta agus léiriú dearcaidh phearsanta

**Éisteacht go foirmiúil i rith ceachta, m.shp.** *rainn, tascanna éisteachta – éist agus tarraing, dánta, clár oiriúnacha, dlúthceirniní*

### (b) Labhairt

Bunaithe ar Churaclam na Gaeilge lth. 4,5 agus Ranganna Naíonán lth. 34,35; Ranganna 1 agus 2 lth. 41,43; Ranganna 3 agus 4 lth. 54, 55,56; Ranganna 5 agus 6 lth. 68, 69,70. Treoirlínte do Mhúinteoirí lth.122-124).

Tá béim láidir sa scoil seo ar labhairt na Gaeilge. Ba mhaith linn go mbeidh na páistí in ann labhairt go simplí faoi na topaicí a bhfuil spéis acu iontu agus go mbeidh siad in ann caidreamh bunúsach sóisialta a dhéanamh. Tugann an fhoireann deiseanna foghlama do pháistí i gcónaí ionas go mbeidh siad in ann cumarsáid labhartha a dhéanamh go rialta chun an teanga a fhorbairt. Chun an aidhm so a bhaint amach, spriocfaimid na páistí chun labhairt i nGaeilge go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae agus chun labhairt go foirmiúil nuair atá rang ar siúl.

### Snáithaonaid

**1. Labhairt go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae** sa rang agus sa scoil

**2. Labhairt go foirmiúil sa cheacht** – páistí ag labhairt go simplí faoi na topaicí agus na téamaí a bhfuil spéis acu féin iontu *m.sh. cluichí teanga, scéalaíocht, athinsint scéalta, ról-ghlacadh...*

**3. Ag úsáid teanga** *m.sh. Leideanna, nuacht shimplí, scéalta gearra a insint, a chríochnú agus a chumadh cluichí teanga, cluichí teoracha ó pháiste eile, part a ghlacadh i gcluichí, páirt a ghlacadh i gcomórtais msh agallamh beirte i bhFéile na hInse.*

### **(c) Léitheoireacht :**

Bunaithe ar Churaclam na Gaeilge lth. 5,6 agus Ranganna 1 agus 2 lth. 44,45; Ranganna 3 agus 4 lth. 57,58; Ranganna 5 agus 6 lth. 71,72. Treoirlínte do Mhúinteoirí lth.125-134)

Tosaíonn clár ullmhúcháin don léitheoireacht i ranganna na naíonáin le rainn, cluichí teanga, amhráin agus pictiúirleabhar, scéalta, na leabhair mhóra, teanga bhainistíochta ranga agus eile. Cuirtear le seo i rang 1 agus 2 le cló sa timpeallacht agus léitheoireacht idirghníomh. Tarlaíonn tús léitheoireachta go hoifigiúil i Rang 2. Um an dtaca seo, tá fothscileanna na léitheoireachta sa bhéarla sealbhaithe ag na páistí. Níl ach traschur na scileanna i gceist ansin nuair a thosnaíonn siad ar léitheoireacht na Gaeilge. Tugann an léitheoireacht eolas, pleisiúir agus taitneamh don leitheoir. Mar sin, chomh maith leis na leabhair léitheoireachta ranga, beimid ag cur leis na leabhair sa leabharlann go rialta agus beidh leabhair speisialta agus oiriúnach do na ranganna go léir á lorg againn chun éagsúlacht teacs agus genre a sholáthar do pháistí. Tuigimid go bhfuil bainistiú na léitheoireachta lárnach sa phróiseas seo chomh maith. Bíonn deiseanna léitheoireachta éagsúla a sholáthar sa scoil seo, m.sh léitheoireacht faoi stiúir, léitheoireacht pháirteach, léitheoireacht roinnte, léitheoireacht aonair, taoiléitheoireacht, tionscnaimh léitheoireachta ilrangach.

### **Snáithaonaid**

**1. Ag cothú spéise,** m.sh. Léitheoireacht a shamhlú le taitneamh trí éisteacht leis an múinteoir mar dhea léiththeoir, brí a bhaint as an bhfocal scríofa sa timpeallacht, sracfhéachaint ar réimse leathan d'ábhar léitheoireachta and treimshí taoiléitheoireachta a chaitheamh i gcómhar pleisiúir.

**2. Tuiscint Teanga** m.sh. An téarmaíocht bhunúsach a bhaineann le leabhair a thuiscint, focal a aithint idteacs trí úsáid a bhaint as leideanna ón gcomhtheacs, straitéisí éagsúla léitheoireachta a chleachtadh (L72 Curaclam Bunscoile) Focail a aithint agus iad a bhriseadh ina siollaí agus trí thógáil ar fhréamhacha focal, an príomhsmaoineamh a aithint.

### **3. Úsáid Teanga**

#### **Ranganna Naíonáin go dtí Rang 2 Tús na léitheoireachta Clár : *Bun go Barr***

Leabhar a léamh ós ard ag an múinteoir, an tearmaíocht ar leith a bhaineann leis an léitheoireacht a chloisteáil as Gaeilge agus a thuiscint, focail a aithint trí leideanna a usáid, an ceangal atá idir litreacha agus fuaimeanna na Gaeilge a aithint.

#### **Ranganna 3- 6 Clár : *Sin É***

**Scileanna léitheoireachta a fhorbairt** – téacsanna agus tascanna léitheoireachta, m. sh. scéalta sna leabhair atá in úsáid, fíorleabhair, scríbhneoireacht an pháiste, dánta, rainn, amhráin, léigh agus tarraing pictiúr, abairtí a chur in ord

comhpháirt le daoine, léitheoireacht fheidhmiúil a dhéanamh, ábhar céimnithe léitheoireachta a léamh ós ard agus go ciúin, ábhar dílis a léamh ag leibhéal oiriúnach, taithí a fháil ar chinéalacha éagsúla teacs, freagairt do phearsana agus d'eachtraí i scéal nó dán.

### **(d) Scríbhneoireacht:**

Bunaithe ar Curaclam na Gaeilge lth. 6,7 agus Ranganna 1 agus 2 lth. 46,47; Ranganna 3 agus 4 lth. 59,60; Ranganna 5 agus 6 lth. 74,75. Treoirlínte do Mhúinteoirí lth.139-143)

Tarlaíonn tús na scríbhneoireachta i rang a haon agus a dó le cóipeáil frásaí agus abairtí bunaithe ar na téamaí srl. Téann an scríbhneoireacht chun cinn le tascanna scríbhneoireachta m.sh. ailt bunaithe ar nuacht phearsanta chomh maith le haidhmeanna na scríbhneoireachta.

Tuigimid go bhfuil gá le cleachtadh sa scríbhneoireacht fheidhmiúil agus sa scríbhneoireachta chruthaitheach agus go bhfuil cleachtadh agus taithí ag teastáil ó na páistí chun scil na scríbhneoireacht a fhorbairt go leanúnach comhsheasamhach sa scoil. Tá gá le seo ionas go mbeidh siad ábalta feabhas a chur ar a n-iarrachtaí. Tosaíonn obair ar litriú fhoirmiúil i Rang a dó agus leanann sé ar aghaidh tríd an scoil. Ag an am céanna tá clár foirmiúil don litriú á dhéanamh ó rang a dó go dtí rang a sé. Tá an clár seo bunaithe ar an léitheoireacht agus riachtanais teanga na bpáistí. Tá an gramadach á fhoghlaim de réir a chéile agus nascaithe leis na hachmhianní/teanga atá in úsáid. Bíonn béim ar úsáid agus cumarsáid i gconaí i bhfoghlaim na gramadaí. I rang a cúig agus rang a sé úsáidimid Leabhar Foirmiúil chun an gramadach a mhúineadh do na daltaí i Scoil na Mainistreach.

### Snáithaonaid

1. **Ag Cothú Speise i.e.** Cur ar chumas an pháiste taitneamh a bhaint as gníomhaíochtaí oiriúnacha scríbhneoireachta a chothaíonn féinmhúinín, *m.shp obair ar taispeánt, lipéid, cóipeáil frásaí agus abairtí bunaithe ar na téamaí, nuacht phearsanta, cártaí...*

2. **Ag úsáid Teanga.**

**Tús na Scríbhneoireachta: Ranganna 1-2 m. sh.** *meaitseáil abairt le pictiur agus a scríobh, ag cumadh abairtí as focal chartaí nó fráschartaí agus a scríobh, pictiúir a tharraingt a léiríonn mothúchain agus lipéid a chur leo, an nuacht simplí a scríobh, scríbhneoireacht fheidhmiúil agus cumarsáid a chleachtadh srl.*

**Scríbhneoireacht Feidhmiúil m.sh.** *Abairtí a chur san ord ceart chun scéal a scríobh, cur síos ar phictiúir, ord a chur ar scéal, litir, dialann phearsanta a choimeád, feabhas a chur ar iarrachtaí pearsanta, tabhair faoi litriú na Gaeilge go muiníneach, an foclóir a usáid mar chabhair don litriú.*

3. **Próiseas na scríbhneoireachta** feabhas a chur ar iarrachtaí pearsanta

- **Litriú – Clár : Fuaimeanna agus Focail : Ranganna 2-6**
- **Gramadach - Clár: Cleachtaí Gramadaí – Sna hádranganna.**

### 1.4 Comhtháthú na snáitheanna

- Déanfar na snáitheanna difriúla **Éisteacht, Labhairt, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht** a chómhtháthú lena chéile de ghnáth sa cheacht Ghaeilge. Sa scoil seo cuirtear béim ar éisteacht agus labhairt mar bhunús don litearthacht.

### 1.5 Téamaí, straitéisí agus modhanna múinte

#### (a) Téamaí

- Mé fein
- Sa Bhaile
- An Scoil
- Bia
- An Teilifís
- Siopadóireacht
- Caitheamh Aimsire
- Éadaí
- An Aimsir
- Ocaídí Speisialta

## **(b) Straitéisí**

I scoil na Mainistreach baineann na muinteoirí úsáid as straitéisí difriúla agus as na comhtheacsanna éagsúla a leannan chun suim na bpaistí a choinneáil sa cheacht Gaeilge agus chun cumas cumarsáide an pháiste a fhorbairt.

- *Druileanna*
- *Scéalaíocht*
- *Filíocht: rainn, danta agus amhráin, tomhais agus seanfhocail*
- *Dramaíocht*
- *Agallaimh*
- *Cluichí teanga m.sh. fiche ceist, rabhlóga*
- *Tascanna agus fadhbanna.*

Deirtear go mbainfidimid níos mó úsáid as na straitéisí seo freisin.

- Físteip
- Cláracha teilifíse oiriúnacha.
- Clár bán idirghníomhach agus ríomhairí glúine atá i ngach seomra

## **(c) Modhanna múinte**

Sa scoil seo baineann na muinteoirí úsáid as na modhanna múinte seo.

- An modh díreach – Taispeánn an muinteoir na rudaí iad féin / pictiúirí / úsáid puipéidí
- Módh na sraithe – Sraith abairtí le chéile i bhfoirm scéil agus leirítear iad le pictiúirí nó gníomhartha / briathra a mhúineadh go háirithe na briathra neamhrialta
- Modh na ráite – Ag foghlaim frasaí nó nathanna beaga.
- Módh na lánfhreagartha gníomhaí – Ceangail idir an gníomh agus an focal nó an frása. Bíonn aithris agus athrá i gceist.
- An módh closlabhartha : Agallamh, nó dlúthcheirnin a sheinnt, an foclóir a mhúineadh roimh ré.

Deirtear go mbainfidimid níos mó úsáid as na modhanna seo freisin.

- An módh closamhairc - Físteip/ scannáin a fheiscint ag na páistí agus an foclóir a mhúineadh roimh ré ag an muinteoir.

## **Gaeilge Neamhfoirmiúil – úsáid na Gaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae**

I Scoil na Mainistreach úsáideann na muinteoirí an Ghaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae m. sh.

- Ócáidí rialta i rith an lae. e.g. Am rolla
- Teachtaireachtaí
- Bainisteoireacht ranga
- Prionta sa timpeallacht m.shp. *Nímid ár lámha, ár ealaín, cathaoir an mhúinteora, Is é seo an doras, croch suas do chóta srl.*
- Frása na seachtaine a roghnú as na feidhmeanna teanga atá lúaithe thuas (Cateoir 1-6) . Iad a fhorbairt, a mhúineadh agus a úsáid.
- Ábhair a mhúineadh trí Ghaeilge m.sh. Corp Oideachais.

## 2. Pleanáil Eagraíochta

### 2.1 Pleanáil an mhúinteora

Leanann na múinteoirí na ceannteidil thuas sna scéimeanna bliana, pleanáia choicíse agus sna cúntaisí míosúla

### 2.2 Áiseanna

I Scoil na Mainistreach usáidear na háiseanna seo chun an Ghaeilge a mhúineadh

- i. Leabhair. An bunscéim do 2012 don bunranganna ná *Bun go Barr* agus do na hArdranganna is é an bunscéim ná *Sin É*.
- ii. Póstaeir.
- iii. Cairteanna.
- iv. Dlúthceirnín.
- v. Físteip.
- vi. Clár bán idirghníomhach i ngach seomra.
- vii. Ríomhairí Glúine (cúig sa seomra nua, cúig déag san oifig, ceann ag gach múinteoir sa scoil) is an áis “Computer Classroom” ar gach ríomhaire.

Coiméadtar na háiseanna seo san oifig agus sna seomraí ranga. Tá an rúnaí i bhfeighil iad a roinnt amach. Tá sé ar intinn againn dlúthceirníní agus DVD oiriúnacha a fháil agus chun teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a úsáid chun obair na ndaltaí a fhoilsiú anois is arís.

### 2.3 Éagsúlacht Cumais

Sa scoil seo úsáidtear tascanna agus gníomhaíochtaí a dhearadh chun freastal ar éagsúlacht cumais na bpáistí

- Is feidir gach páiste a chur ag déanamh an tasc chéanna ach de réir a c(h)umas féin.
- Roinntear na múinteoirí tascanna no cluichí nach bhfuil ach cainteoir láidir amháin ag teastáil
- Is féidir le páistí pictiúir a léamh seachas téacs agus is féidir leo éisteacht le scéalta seachas iad a léamh

### 2.4 Comhtháthú le hábhair eile

Sa scoil seo déantar iarracht An Ghaeilge a chomhtháthú le hábhair eile m.sh.

- Corpoideachas agus Ceol .
- Na hamharclainne m.shp drámaíocht as ghaeilge.
- Cluichí matamaitice m.sh. Cén t-am é a mhac tire?. An Clog, ag comhaireamh agus ag déanamh matamaitice.
- Tíreolaíocht m.shp na tíortha agus na contaetha as ghaeilge.
- SESE m.shp na Baill Beatha.

## 2.5 Measúnú

I Scoil na Mainistreach baintear úsáid as na huirlisí éagsúla measúnaithe seo:

- *Dírbhreathnú an mhúinteora*
- *Tascanna agus trialacha déanta ag an múinteoir*
- *Bailiúchán d'obair agus de thionscadáil an pháiste*
- *Trialacha Caighdeanta m.shp Drumcondra sa Ghaeilge do na hádranganna*

## 2.6 Obair bhaile

Sa scoil seo tugtar obair bhaile oiriúnach sa Ghaeilge. Cuirtear an bhéim chéanna ar labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Bíonn an obair bhaile bunaithe ar chumas éagsúlachta na bpaistí sa rang. De réir sin ní bhíonn an obair bhaile céanna ag gach páiste sa rang. De ghnáth bíonn obair bhaile i nGaeilge do na daltaí i Scoil na Mainistreach ó rang a dó go dtí rang a sé ceithre oíche sa tseachtain ón Luan go dtí an Déardaoin. Bíonn obair bunaithe ar obair a dhéanann siad ar scoil.

## 2.7. Forbairt foirne

Úsáidtear múinteoirí sa scoil a bhfuil taithí ar leith acu ar mhúineadh na Gaeilge chun tacaíocht/comhairle a thabhairt dá gcomhghleacaithe m.sh Ms. Phillips, Cáit Bean úi Shiocháin agus Katriona O Confhaola

## 2.8. Tuismitheoirí agus an Ghaeilge

Tá dearcadh dearfach ag cuid is mó do na tuismitheoirí i leith na Gaeilge.

- Cuirtear roinnt eolais ar fáil dóibh conas tacú le foghlaim a gcuid páistí, *m. sh. rannta/dánta/frásaí na seachtaine a chur abhaile ó am go chéile*
- Moltar dóibh conas is féidir tacú leis an scoil? *m.sh. An Ghaeilge a labhairt sa bhaile ó am go chéile/TG4/freastal agus páirt a ghlacadh in ócáidí Gaelacha sa scoil cosúil le Seactain na Gaeilge.*

## 2.8. Cén tslat tomhais atá ag an scoil chun an plean a mheas?

Léireoidh na comhtharhaí seo go bhfuil dul chun cinn sásúil á dhéanamh.

- *Leanann ullmhúchán an mhúinteora an plean*
- *Leantar na nósanna imeachta atá sa phlean*

Beidh a fhios againn gur comhlíonadh aidhmeanna an phlean má tá

- *Aiseolas dearfach ón bhfoireann/ó dhaltai/ón bpobal/ó thuismitheoirí*
- *Aiseolas dearfach ó scoileanna dara leibhéal*
- *Tuairiscí ón gCigire/Tuairisc Scoile*
- *Páistí ag labhairt na Gaeilge lasmuigh de ranganna Gaeilge agus ag baint taitnimh aisti*

## 2.9. Cur i bhfeidhm

(a) Rólanna agus freagracht

- Beidh an Priómhoide, Aine Bean Uí Ghiollaphadraig agus Bean Uí Shiocháin (Comhordaitheoir an phlean) freagrach chun an plean a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus tuairisc a thabhairt air,

- Déanfaidh an foireann teagaisc athbhreathnú ar an bplean seo go rialta chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil curaclam na gaeilge á cur i gcrích i gceart. Déantar athbhreithniú deimhnitheach ar an bplean seo i Bealtaine 2015.
- (b) Beidh an plean seo i gcrích in Méan Fómhair 2012.

### **Nascanna Cabhartha**

<http://www.seomraranga.com/category/curriculum/gaeilge/>

<http://www.weandus.ie/irish.html>

<http://www.ilearn.ie/index.php/playground/ilearn-irish/>

<http://www.senteacher.org/Worksheet/6/PECS.xhtml>

<http://www.irishpage.com/songs/fly-song.htm>

<http://www.irishpage.com/seanocal.htm>

<http://acrucialweek.blogspot.com/search/label/gaeilge>

<http://acrucialweek.blogspot.com/2012/03/postaeir-ceisteanna.html>

<http://resources.teachnet.ie/clane/2008/index.html>

<http://resources.teachnet.ie/acrowley/choose.html>

<http://193.1.97.44/focloir/>

<http://www.abair.tcd.ie/index.php>

<http://www.bbc.co.uk/irish/>

<http://homepage.tinet.ie/~seaghan/story/sceal.htm>

### **Daingniú agus Cumarsáid**

Cuirtear an plean i láthair an Bhoird Bhainistíochta chun é a fhaomhadh. Tá cóip de le fáil san oifig i Scoil na Mainistreach.

Ar son an Bord Bainistíochta is orainne atá an freagracht chur i bhfeidhm an polasaí seo.

Síniú: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_  
*An Príomhoide*

Síniú \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_  
*Cathaoirleach, Bord Bainistíochta*





